Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2022
(OR. fr, en)

9114/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0419(COD)**

**TRANS 285**
**TELECOM 220**
**IND 169**
**CODEC 694**
**DATAPROTECT 153**
**DIGIT 99**
**IA 73**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8883/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15114/21 + ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 15 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle togra lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadan le modhanna eile iompair ('An Treoir maidir le CCI'), ar cuid é de phacáiste de cheithre thionscnamh atá dírithe ar chóras iompair an Aontais a nuachóiriú agus ar thacú leis an aistriú chuig soghluaisteacht níos glaine, níos glaise agus níos cliste.

2. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an togra seo, togra atá bunaithe ar Airteagal 91 CFAE: (a) an dul chun cinn teicneolaíoch a chur san áireamh, amhail an tsoghluaisteacht nasctha agus uathoibrithe nó feidhmchláir na soghluaisteachta ar éileamh, agus (b) infhaighteacht, athúsáid agus idir-inoibritheacht sonraí a fheabhsú.

3. Eascraíonn an togra as an meastóireacht a rinneadh in 2019 ar an Treoir atá ann cheana, inar sainaithníodh na fadhbanna seo a leanas: i) easpa idir-inoibritheachta agus easpa leanúnachais feidhmeanna; (ii) easpa comhbheartaithe agus comhair éifeachtaigh i measc na bpáirtithe leasmhara; agus (iii) infhaighteacht neamhleor sonraí agus drogall maidir le sonraí a chomhroinnt.

4. Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin, molann an Coimisiún, inter alia, raon feidhme na Treorach a leathnú agus digitiú bótharfhaisnéise áirithe a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, le trácht agus taisteal ilmhódach, a dhéanamh éigeantach ar ghréasán TEN-T[1] agus ar an ngréasán bóithre trí chéile. Ag an am céanna, bheadh imscaradh seirbhísí riachtanacha áirithe CCI éigeantach freisin.

5. Tá an togra ina chuid de phacáiste tionscnamh reachtach atá dírithe ar rannchuidiú leis na spriocanna maidir le dícharbónú, digitiú agus athléimneacht bhreise i mbonneagar iompair.

6. Maidir leis an digitiú, is cuid é de Straitéis Sonraí Eorpach mhí Feabhra 2020[2], inar fógraíodh go gcruthófaí naoi spás choiteanna do shonraí Eorpacha in earnálacha eacnamaíocha straitéiseacha agus i réimsí leasa phoiblí, lena n-áirítear spás coiteann sonraí soghluaisteachta na hEorpa. Sna conclúidí a ghlac sí an 22 Deireadh Fómhair 2021[3], d'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí dul chun cinn gasta maidir le cur chun feidhme na mbeart is gá chun na spásanna sonraí earnálacha sin a chruthú.

---

[1] Gréasán tras-Eorpach iompair, a bhfuil treoirlínte leagtha síos ina leith i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013. Is é athbhreithniú an Rialacháin seo is príomhaidhm don 'phacáiste soghluaisteachta glas agus éifeachtúil'.

[2] COM(2020) 66 final.

[3] EUCO 17/21.

7. An t-athbhreithniú a dhéanfar ar an Treoir maidir le Córais Chliste Iompair, mar chuid den spás coiteann sonraí Eorpach seo, beidh sé ina rannchuidiú chun ardchórais cúnaimh tiománaí a chur ar fáil, amhail córais nua feithiclí de réir bhrí Rialachán (AE) 2019/2144 maidir leis an tsábháilteacht ghinearálta[4]. Ina theannta sin, is comhlánú an togra seo ar an togra le haghaidh Rialachán nua maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid, dar dáta an 14 Iúil 2021 ('Rialachán AFIR')[5], i dtaca le sonraí maidir le pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe. A bhuí le Rialachán AFIR, ceadófar do shonraíochtaí níos mionsonraithe ná na sonraíochtaí a glacadh faoin Treoir, a dhíríonn ar mhódúlachtaí teicniúla.

## II. SCRÚDÚ ARNA DHÉANAMH AG NA hINSTITIÚIDÍ EILE

8. D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar an coiste atá freagrach as an togra, agus ceapadh Rovana Plumb (RO, S&D) mar a rapóirtéir. Táthar ag súil go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ag seisiún iomlánaíoch i mí Feabhra 2022.

9. An 23 Márta 2022, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra thuasluaite. Chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan aon tuairim a thabhairt.

## III. AN STAID MAR ATÁ SA CHOMHAIRLE

10. An 10 Eanáir 2022, chuir an Mheitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin tús lena cuid oibre ar an togra. Lean sí dá cuid oibre an 17 agus 24 Eanáir, an 2 agus 16 Feabhra, an 7, 14 agus 28 Márta, an 4, 11 agus 28 Aibreán, agus an 5 agus 11 Bealtaine 2022. An 17 Eanáir 2022, phléigh an Mheitheal an measúnú tionchair a rinne an Coimisiún. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh amhras orthu faoi chomhréireacht an chur chuige atá beartaithe ag an gCoimisiún agus faoi roinnt de na meastacháin costais a d'eascródh as sin. Na toscaireachtaí sin a raibh forchoimeádais ghrinnscrúdaithe pharlaiminteacha i bhfeidhm acu (DK, PL, SK, SE), chuir siad deireadh ó shin leo. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta fós ag roinnt de na toscaireachtaí.

[4] IO L 325, 16.12.2019, lth. 1.
[5] 10877/21 + ADD1.

11. I gcoitinne, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an togra agus theastaigh uathu go ndéanfaí imscaradh feidhmchlár agus seirbhísí faoi Threoir CCI a fhorbairt agus a neartú a thuilleadh trí chomhar agus trí chomhordú níos fearr. Bhain na príomhphointí plé leis an méid seo a leanas: an oibleagáid nua maidir le sonraí áirithe a chur ar fáil i bhformáid dhigiteach atá inléite ag meaisín; an próiseas cinnteoireachta chun na cineálacha sonraí atá le soláthar a chinneadh mar aon leis an gcumhdach geografach gaolmhar agus an t-amchlár gaolmhar; tuairisc ar na heilimintí atá le háireamh sna sonraíochtaí ar leibhéal an Aontais; cumhacht a thabhairt don Choimisiún bearta eatramhacha a ghlacadh i gcásanna éigeandála; na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus leis an bpríobháideachas; na prionsabail is infheidhme maidir le sonraíochtaí agus imscaradh CCI; agus an dáta chun an Treoir a thrasuí.

12. Ar bhonn an phlé sin, ar shoiléirithe ón gCoimisiún, agus ar na barúlacha a fuarthas i scríbhinn ó na toscaireachtaí, d'ullmhaigh an Uachtaránacht dréacht-chomhréiteach d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) an 2 Meitheamh 2022. Is iad seo a leanas na príomhathruithe ar an téacs i gcomparáid leis an mbuntogra ón gCoimisiún:

**Infhaighteacht sonraí agus imscaradh seirbhísí éigeantacha CCI (Airteagal 1(2a), Airteagal 6a, Airteagal 7[6]; iarscríbhinní III agus IV)**

13. Sa chomhréiteach, glactar leis an bprionsabal nach mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh fáil ar chineálacha áirithe sonraí, i bhformáid dhigiteach mheaisín-inléite, agus go n-áiritheofar imscaradh seirbhísí áirithe CCI (Airteagal 1(2a), Airteagal 6a, Iarscríbhinn III agus IV).

[6] I gcomhréir leis an Treoir arna leasú le forálacha an togra a uimhrítear tagairtí do na hairteagail.

14. Mar sin féin, i bhfianaise go bhféadfadh sé tionchar nach beag a imirt ar acmhainní náisiúnta, d'áitigh na toscaireachtaí go láidir go mbeadh smacht níos fearr ann agus ról níos mó ag na Ballstáit sa phróiseas cinnteoireachta, i dtaca le raon feidhme tosaigh na n-oibleagáidí a bhunú mar aon le forbairt an raoin sin le himeacht ama. Mar thoradh air sin, leagtar amach sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht sa Treoir na cineálacha sonraí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis an oibleagáid infhaighteachta agus imscartha. Féadfar na liostaí sonraí agus seirbhísí lena mbaineann a leasú trí bhíthin gníomh tarmligthe (Airteagal 1(2a), Airteagal 7, Iarscríbhinn III agus IV). Ag an am céanna, foráiltear sa téacs comhréitigh d'úsáid gníomhartha cur chun feidhme chun an raon feidhme geografach (líonraí atá le cumhdach) agus an tráthchlár don chur chun feidhme a shainiú (Airteagal 6a, Aithris 12a). Ina theannta sin, neartaítear sa téacs an creat do tharmligean na gcumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh (Airteagal 6a(3), agus Airteagal 7). Ar an gcaoi sin, coimeádtar an uaillmhian go mbeadh infhaighteacht cineálacha áirithe sonraí éigeantach agus go bhféadfaí an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta trí ghníomh tarmligthe, agus rannpháirtíocht na mBallstát a neartú ag an am céanna sna gnéithe a bhaineann le cur chun feidhme na huaillmhéine sin, i.e. an cumhdach geografach agus an t-uainiú a shainiú.

15. Ina theannta sin, soiléirítear sa téacs comhréitigh go dtagraíonn an oibleagáid sonraí áirithe a chur ar fáil i bhformáid dhigiteach mheaisín-inléite do shonraí a bhfuil an fhaisnéis bhunúsach chomhfhreagrach ina leith ann cheana féin beag beann ar an gcaoi a ndéantar iad a chur i láthair.

16. Dar le formhór mór na dtoscaireachtaí go bhfuil an comhréiteach sách cothrom i dtaca leis an struchtúr cinnteoireachta sin. Mar sin féin, chuir roinnt toscaireachtaí a n-imní in iúl: bhí amhras orthu cé acu fóram ab fhearr chun na réimsí agus na spriocdhátaí a chinneadh, agus béim acu ag an am céanna ar a thábhachtaí atá sé gan cothú na huaillmhéine maidir le seirbhísí CCI a laghdú.

17. Maidir leis na cineálacha sonraí lena mbaineann, méadaíonn an téacs comhréitigh an liosta (Iarscríbhinn III) trí chineálacha áirithe sonraí, a luaitear sa Rialachán Tarmligthe a glacadh le déanaí maidir le sonraíochtaí do sheirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama, a chur leis[7]. Maidir leis na cineálacha sonraí agus seirbhísí a chur i láthair in Iarscríbhinn III agus in Iarscríbhinn IV, tá an téacs comhréitigh bunaithe ar an togra ón gCoimisiún, ach seachnaítear leis, mar gheall ar ordlathas na norm agus a mhéid nach bhfuil géarghá leis, tagairt dhíreach a dhéanamh do ghníomhartha tarmligthe inar féidir teacht ar thuilleadh mionsonraí.

**Sainmhínithe (Airteagal 4)**

18. Déantar mionchoigeartuithe ar roinnt sainmhínithe sa téacs comhréitigh ('seirbhís CCI', 'Córais Chliste Iompair Chomhoibritheacha', 'Inrochtaineacht Sonraí').

**Clár oibre (Airteagal 4a)**

19. I bhfianaise na tábhachta a ghabhann le glacadh agus ábhar an chláir oibre sa togra (Airteagal 17(5)) agus le seicheamh croineolaíoch na ngníomhaíochtaí éagsúla, cuirtear, sa téacs comhréitigh, an uirlis ilbhliantúil pleanála ag tús na rialacha lena rialaítear imscaradh fheidhmchláir agus sheirbhísí CCI (Airteagal 4a nua) agus cuirtear i bhfios go láidir na naisc láidre idir an uirlis sin agus forbairt sonraíochtaí ar leibhéal an Aontais.

[7] IO L 122, 25.4.2022, lch. 1.

**Sonraíochtaí a chur i bhfeidhm agus comhar idir na Ballstáit (Airteagal 5)**

20. Den chuid is mó, ionchorpraítear sa chomhréiteach forálacha an togra darb aidhm comhar na mBallstát a neartú maidir le himscaradh fheidhmchlár agus sheirbhísí CCI, lena n-áirítear maidir leis na gnéithe oibríochtúla (Airteagal 5). Soiléirítear sa téacs comhréitigh roinnt de na gnéithe sin.

**Sonraíochtaí trí ghníomh tarmligthe (Airteagal 6)**

21. Ionchorpraítear sa chomhréiteach freisin na leasuithe a rinneadh sa togra ar ábhar na sonraíochtaí (Airteagal 6). Cuirtear in iúl ann freisin gur gá paraiméadair a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí agus go bhféadfaidh na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó a ainmniú chun measúnú a dhéanamh ar urramú na gceanglas (mír 6 agus aithris 18). Bunaítear leis gur cheart do gach ceann de na gníomhartha tarmligthe déileáil le réimse tosaíochta ar leith.

**Bearta sealadacha (Airteagal 7a)**

22. Bhí imní ar roinnt toscaireachtaí maidir leis an gcumhacht a thugtar don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach a ghlacadh i gcás éigeandála, cumhacht a luaitear sa togra (Airteagal 7a agus aithris 14). Cé go ndéantar an prionsabal sin a choimeád sa téacs comhréitigh, déantar na forálacha sin a fhorbairt agus a rialáil a thuilleadh ann, trí bhéim a leagan ar an nós imeachta, ar na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh agus ar an gcumarsáid idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Cé nach gcaitear amhras ar an gcomhréiteach ina iomláine, níorbh fhéidir an t-amhras a bhí ar roinnt toscaireachtaí maidir leis an ngá atá leis an gcumhachtú sin a mhaolú go hiomlán.

**Cosaint sonraí pearsanta (Airteagal 10)**

23. Sa téacs comhréitigh, déantar an t-airteagal maidir le cosaint sonraí pearsanta (Airteagal 10) a fhorlíonadh le foráil maidir leis an gcuspóir atá le sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Treoir (Airteagal 10(1)). Ina theannta sin, déantar an tAirteagal seo a fhorlíonadh le tagairt don mheasúnú tionchair a bheidh le déanamh agus gníomh tarmligthe á ullmhú a mbeadh próiseáil na sonraí sin mar thoradh air (mír 2), agus le tagairt do theicníc an bhréagainmnithe (mír 3; féach freisin aithris 15).

**Tuairisciú (Airteagal 17) agus forálacha críochnaitheacha**

24. Déantar an t-airteagal maidir le tuairisciú na mBallstát agus an Choimisiúin (Airteagal 17) a choimeád sa chomhréiteach. Mar sin féin, rinneadh dáta an chéad tuairiscithe ó na Ballstáit (Airteagal 17(1)) a chur siar go 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin (i gcomhréir leis an spriocdháta don trasuí), rinneadh modhnú ar chumhacht an Choimisiúin táscairí feidhmíochta a bhunú agus tá sé faoi réir nós imeachta scrúdúcháin (Airteagal 17(2)), agus cuirtear béim ar shimpliú chuspóir an tuairiscithe (Airteagal 17(3) agus Aithris 22a). B'fhearr le toscaireacht amháin gurbh ionann amchlár na mBallstát don tuairisciú agus an clár oibre, is é sin gach cúig bliana.

**Iarscríbhinn I**

25. In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra, déantar cur síos ar na gnéithe atá le cumhdach ag na sonraíochtaí maidir le réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Tá na leasuithe a rinneadh leis an gcomhréiteach ar an Iarscríbhinn seo teoranta do roinnt soiléirithe.

**Iarscríbhinn II**

26. In Iarscríbhinn II, ina liostaítear na prionsabail is infheidhme maidir le sonraíochtaí agus imscaradh CCI, tá an téacs comhréitigh ag teacht, den chuid is mó, leis na leasuithe atá molta ag an gCoimisiún (maidir le pointí (f), (h), (j) agus (m)). Tugtar roinnt soiléirithe ann maidir le pointí (h) 'cuirfidh siad an comhionannas rochtana chun cinn', (j) 'cuirfidh siad cáilíocht uainiúcháin agus suiteála i gcrích', agus (m) 'cuirfidh siad an trédhearcacht agus an iontaoibh i gcrích', agus leasaítear leis pointe (l) 'urramóidh siad an comhleanúnachas' chun prionsabal na neodrachta teicneolaíche a mheabhrú, i measc na norm den Aontas atá le hurramú, prionsabal a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/1972 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach agus dá dtagraítear freisin in aithris 8a leasaithe. Bhí an cheist maidir leis cé acu an gcuirfí nó nach gcuirfí tagairt ann do phrionsabal na 'neodrachta teicneolaíche' conspóideach sa Mheitheal. Leis an téacs comhréitigh, déantar iarracht cothromaíocht a bhaint amach tríd an togra a úsáid mar bhonn, ach trí bhéim a leagan go sainráite ar a thábhachtaí atá an prionsabal sin, mar a leagtar amach é sa Chód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach, agus sonraíochtaí á bhforbairt.

27. Ag an gcruinniú a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 18 Bealtaine 2022, dhearbhaigh na Ballstáit go dtacaíonn siad leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht. Tar éis iarraidh a fháil ó líon mór toscaireachtaí, a rinne tagairt do na deacrachtaí riaracháin a bhaineann le trasuí fhorálacha na Treorach ar an leibhéal náisiúnta, cuireadh síneadh 24 mhí leis an spriocdháta don trasuí (Airteagal 2 den togra lena leasaítear Treoir CCI. Chuir an Coiste san áireamh freisin moladh chun leasú a dhéanamh ar an tuairisc ar an bprionsabal 'comhoiriúnacht shiarghabhálach' (pointe (f) d'Iarscríbhinn II), ina gcuirtear i dtreis an gá atá le bonn cirt a thabhairt, chun go gcuirfí an prionsabal sin i bhfeidhm, agus sonraíochtaí le haghaidh CCInna á dtarraingt suas; . ní raibh dhá thoscaireacht i bhfabhar an athraithe sin. Cuirtear na coigeartuithe sin san áireamh sa chomhréiteach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

28. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu maidir leis na roghanna atá le déanamh ag céim níos déanaí maidir leis na réimsí geografacha agus na dátaí chun sonraí agus seirbhísí áirithe a chur ar fáil. Baineann na hábhair amhrais sin leis na hinfheistíochtaí riachtanacha, leis an gcomhréireacht i ndáil le dlús na tráchta ar chodanna áirithe bóithre, le comhordú riaracháin agus le hiontaofacht sonraí áirithe.

29. Ag an gcéim seo den nós imeachta, tá forchoimeádas nós imeachta ag ionadaí an Choimisiúin maidir leis na leasuithe uile ar a thogra. Leag ionadaí an Choimisiúin béim, go háirithe, ar struchtúr tosaigh an togra, ina leagtar amach dátaí agus réimsí geografacha chun cineálacha áirithe sonraí a sholáthar agus seirbhísí áirithe a imscaradh, agus an deis ann leasuithe a dhéanamh orthu trí ghníomh tarmligthe.

## IV. CONCLÚID

30. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair, bunaithe ar an gcomhréiteach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

**Leasuithe ar an Treoir maidir le Córais Chliste Iompair**

[…]

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa *Teachtaireacht maidir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste* ón gCoimisiún[8], sainaithníodh imscaradh na gCóras Cliste Iompair ('ITS') mar ghníomhaíocht lárnach chun an tsoghluaisteacht ilmhódach uathoibrithe nasctha a bhaint amach, agus dá bhrí sin chun rannchuidiú le claochlú an chórais iompair Eorpaigh d'fhonn cuspóir na soghluaisteachta éifeachtúla, sábháilte, inbhuanaithe, cliste, athléimní a bhaint amach. Comhlánaíonn sé sin na gníomhaíochtaí a fógraíodh faoin mbeartas suaitheanta maidir le glasú an iompair lastais chun an lóistíocht ilmhódach a chothú. Fógraíodh sa straitéis chéanna go ndéanfaí athbhreithniú in 2022 ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 maidir le seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach chun inrochtaineacht shainordaitheach na dtacar sonraí dinimiciúil a chuimsiú, agus go ndéanfaí measúnú ar an ngá le gníomhaíocht rialála maidir le cearta agus dualgais sholáthraithe na seirbhísí digiteacha ilmhódacha, mar aon le tionscnamh maidir leis an ticéadú, lena n-áirítear an ticéadú iarnróid.

(2) Sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, deimhnítear an chuspóir líon na marbh ó na modhanna iompair uile san Aontas a laghdú go geall le nialas faoi 2050. Rannchuidíonn roinnt gníomhaíochtaí i raon feidhme Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] le sábháilteacht úsáideoirí na mbóithre, amhail eCall, seirbhísí faisnéise tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, agus limistéir pháirceála shlána shábháilte[10].

---

[8] COM/2020/789 final.

[9] Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1).

[10] Mar a dheimhnítear i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE).../... ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin a bhunú ina sonraítear leibhéal seirbhíse agus slándála limistéar páirceála slán sábháilte agus nósanna imeachta chun iad a dheimhniú (C(2022) 2055 (final)).

(3) Sa Chomhaontú Glas don Eoraip[11] cuirtear i dtábhacht an fás atá ag teacht ar ról na soghluaisteachta ilmhódaí uathoibrithe nasctha, mar aon le córais bhainistíochta tráchta cliste atá indéanta de bhua an digitithe, agus leis an gcuspóir tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí iompair agus soghluaisteachta atá nua agus inbhuanaithe agus a fhéadfaidh an brú tráchta agus an truailliú a laghdú, sna limistéir uirbeacha go háirithe.

(4) Mar gheall ar an ngá méadaitheach atá ann úsáid níos fearr a bhaint as na sonraí chun cur le hinbhuanaitheacht, éifeachtúlacht agus athléimneacht na slabhraí iompair, tá comhordú feabhsaithe ag teastáil idir an creat ITS agus tionscnaimh eile arb aidhm dóibh roinnt na sonraí in earnálacha na soghluaisteachta, an iompair agus na lóistíochta a chomhchuibhiú agus a éascú ó dhearcadh ilmhódach[12].

(5) I bhfianaise an ghá atá ann leis an iompar de bhóthar a dhigitiú, an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus an brú tráchta a laghdú, ba cheart imscaradh agus úsáid na gcóras agus na seirbhísí cliste iompair ar bhóithre a fhorbairt a thuilleadh ar an ngréasán tras-Eorpach iompair.

(6) Ina lán Ballstát tá na córais agus na seirbhísí sin á n-imscaradh cheana in earnáil an iompair de bhóthar de réir cláir náisiúnta. Fuarthas sa mheastóireacht ar Threoir 2010/40/AE[13], áfach, d’ainneoin feabhsuithe a rinneadh ó glacadh í in 2010, go raibh easnaimh leanúnacha ann ba chúis le himscaradh ilroinnte neamhchomhordaithe na seirbhísí ITS agus le heaspa leanúnachais geografaigh iontu ar fud an Aontais agus ag a theorainneacha seachtracha.

---

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún – An Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 final.

12 Amhail an spás coiteann Eorpach do shonraí soghluaisteachta agus a chomhpháirteanna, Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33), agus an obair atá ar bun ag an bhFóram Digiteach Iompair agus Lóistíochta (DTLF).

13 https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/intelligent-transport-systems/road/action-plan-and-directive_en

(7) I gcomhthéacs chur chun feidhme na Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún[14] lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE, tá pointí rochtana náisiúnta[15] (NAPanna) bunaithe ag na Ballstáit. Leis na NAPanna eagraítear an rochtain ar shonraí a bhaineann leis an iompar, agus athúsáid na sonraí sin, chun tacú le soláthar seirbhísí ITS iompair agus tráchta idir-inoibritheacha ar fud an Aontais d'úsáideoirí deiridh. Is comhpháirt thábhachtach den spás coiteann Eorpach do shonraí soghluaisteachta iad na NAPanna sin faoin Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[16] agus ba cheart brath orthu, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht na sonraí.

(8) Chun a áirithiú go ndéanfar ITS a imscaradh ar bhealach comhordaithe éifeachtach laistigh den Aontas ina iomláine, ba cheart sonraíochtaí a thabhairt isteach lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, caighdeáin lena leagfaí síos tuilleadh forálacha agus nósanna imeachta mionsonraithe, sa bhreis ar shonraíochtaí a glacadh cheana. Sula nglacfar aon sonraíocht bhreise nó aon sonraíocht athbhreithnithe, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a comhlíontacht le prionsabail shainithe áirithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Ba cheart an tosaíocht a thabhairt, ar an gcéad ásc, do na ceithre príomhréimsí d'fhorbairt agus d'imscaradh ITS. Le linn ITS a chur chun feidhme a thuilleadh, ba cheart an bonneagar ITS atá imscartha cheana ag Ballstát ar leith a chur san áireamh ó thaobh dul chun cinn teicneolaíochta agus iarrachtaí airgeadais de.

---

14 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013 lena bhforlíontar Treoir ITS 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí faisnéise i dtaca le hionaid pháirceála do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála atá slán sábháilte (IO L 247, 18.9.2013, lch. 1);
Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí agus nósanna imeachta chun faisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí nuair is féidir (IO L 247, 18.9.2013, lch. 6);
Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama ar fud an Aontais (IO L 157, 23.6.2015, lch. 21);
agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2017 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach ar fud an Aontais (IO L 272, 21.10.2017, lch. 1).

15 https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/intelligent-transport-systems/road/action-plan-and-directive/national-access-points_en

16 COM/2020/66 final.

(8a) Ba cheart a áirithiú, agus go háirithe i gcás córais chliste iompair chomhoibritheacha (C-ITS), nach mbrúnn na ceanglais maidir le ITS úsáid aon chineáil áirithe teicneolaíochta ná nach ndéanann siad idirdhealú ina fhabhar i gcomhréir le prionsabal na neodrachta teicneolaíche mar a leagtar síos i dTreoir (AE) 2018/1972[17]. Más féidir úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí C-ITS comhlántacha iontaofa a ndearnadh tástáil fíorshaoil orthu, ba cheart feidhmchláir chomhbheitheacha a chumasú.

(9) An taithí agus na torthaí a fuarthas cheana féin i réimsí ITS, C-ITS agus na soghluaisteachta comhoibrithí, nasctha agus uathoibrithe (CCAM), go háirithe i gcomhthéacs ardáin C-ITS[18] agus CCAM[19], an Fhóraim Eorpaigh um Shoghluaisteacht Ilmhódach Paisinéirí[20], agus Ardán Chur Chun Feidhme eCall Eorpach[21], ba cheart an taithí agus na torthaí sin a chur san áireamh, agus ba cheart cur leo, agus na sonraíochtaí á gceapadh.

(10) Ba cheart an nuálaíocht a chothú leis na sonraíochtaí. Ba cheart, mar shampla, seirbhísí ITS nua a bheith á bhforbairt de bhua sonraí a bheith ar fáil mó sa mhó, agus sa treo eile, ba cheart riachtanais le sonraíochtaí eile amach anseo a shainaithint de bhua na nuálaíochta. Ní mór teicneolaíochtaí nua, le haghaidh C-ITS go háirithe, a thástáil i bhfíordhálaí tráchta ar bhóithre mar sheirbhís iontaofa sula n-úsáidfear iad. Ba cheart don Chomhpháirtíocht Eorpach le haghaidh soghluaisteacht chomhoibritheach, nasctha agus uathoibrithe faoi Fhís Eorpach tacú le forbairt agus tástáil an chéad rabharta eile de sheirbhísí C-ITS agus cuidiú le comhtháthú na bhfeithiclí ard-uathoibrithe i seirbhísí nua soghluaisteachta ilmhódaí.

---

17 Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36)

18 Cód E03188 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna

19 Cód E01941 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'Eintitis Eile den Saghas Céanna

20 Cód E03826 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna

21 Cód E02481 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna

(11) Úsáideann C-ITS teicneolaíochtaí lenar féidir le feithiclí bóthair cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus le bonneagar cois bóthair, lena n-áirítear soilse tráchta. Is catagóir de sheirbhísí ITS iad na seirbhísí C-ITS atá bunaithe ar ailtireacht oscailte lena gcumasaítear caidreamh mórán le mórán nó piara le piara idir stáisiúin C-ITS. Dá bhrí sin, ba cheart na stáisiúin uile C-ITS a bheith ag malartú teachtaireachtaí go sábháilte lena chéile seachas iad a bheith teoranta ar theachtaireachtaí a mhalartú le stáisiúin réamhshainithe. Éilíonn formhór na seirbhísí go n-áirithítear barántúlacht agus sláine na dteachtaireachtaí C-ITS ina bhfuil faisnéisí amhail an suíomh, an luas agus an treo-cheann. Dá bhrí sin, ba cheart samhail choiteann Eorpach iontaoibhe C-ITS a chruthú chun caidreamh iontaoibhe a bhunú idir gach stáisiún C-ITS, gan beann ar na teicneolaíochtaí cumarsáide a úsáidtear. Ba cheart an tsamhail iontaoibhe sin a chur chun feidhme trí bheartas a ghlacadh maidir le húsáid bonneagair eochrach poiblí (PKI). Ba cheart gurbh é an liosta iontaoibhe deimhnithe Eorpach an leibhéal is airde den PKI sin, ar liosta é a chomhdhéantar d'iontrálacha i leith gach údaráis fréamhdheimhniúcháin iontaofa san Eoraip. Chun feidhmiú rianúil na samhla iontaoibhe C-ITS sin a áirithiú, ba cheart roinnt cúraimí a thabhairt i gcrích ar leibhéal lárnach. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcuirfear na cúraimí riachtanacha sin i gcrích, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ról a bheith ag (i) an t-údarás um beartas deimhnithe C-ITS i mbainistiú an bheartais deimhnithe agus údarú an bhonneagair eochrach poiblí, (ii) bainisteoir an liosta iontaobhais i nginiúint agus nuashonrú an Liosta Iontaoibhe Deimhnithe Eorpach (ECTL) agus, maidir le gníomhaíocht rialta, i dtuairisciú chuig an údarás um beartas deimhnithe C-ITS a mhéid a bhaineann le hoibriú slán foriomlán shamhail iontaoibh C-ITS, agus (iii) an pointe teagmhála C-ITS i láimhseáil gach cumarsáide le bainisteoirí údarás fréamhdheimhniúcháin agus i bhfoilsiú dheimhniú eochrach poiblí bhainisteoir an liosta iontaoibhe agus ECTL. Áirithíonn an Coimisiún faoi láthair freisin an ról atá ag údarás Eorpach fréamhdheimhniúcháin, a d'fhéadfaí a choimeád más iomchuí, mar shampla, chun tacú le pleananna aistrithe i gcás ina mbeidh údarás fréamhdheimhniúcháin eile i mbaol.

(12) An chuid is mó de na gníomhaíochtaí faoi Threoir 2010/40/AE, cé is moite de eCall, díríodh iad ar sonraíochtaí a ghlacadh chun idir-inoibritheacht agus inrochtaineacht a áirithiú i gcás na sonraí atá ar fáil i bhformáid dhigiteach inléite ag meaisín cheana agus ar imscaradh na seirbhísí ITS, ach níor leagadh amach leo aon oibleagáid ar na geallsealbhóirí lena mbaineann maidir leis na sonraí sin a chur ar fáil san fhormáid sin nó maidir le seirbhísí sonracha a imscaradh. Tá roinnt seirbhísí ITS fíor-riachtanacha in úsáid go forleathan anois: mar shampla, seirbhísí braite teagmhais trínar féidir seirbhísí faisnéise tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil, nó sonraí a thagann faoi réimsí tosaíochta eile arna sainaithint sa Treoir seo, mar shampla rialacháin tráchta, a thacaíonn le seirbhísí tábhachtacha amhail teorainneacha luais chun tacú le feithiclí atá feistithe le cúnamh cliste luais faoi Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22]. Meastar gur gá soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha áirithe ITS agus sonraí áirithe i bhformáid dhigiteach inléite ag meaisín a bheith sainordaitheach chun a áirithiú go mbeidh na sonraí sin ar fáil go leanúnach agus go soláthrófar na seirbhísí sin go leanúnach ar fud an Aontais. Tugann sé le tuiscint go bhfuil an fhaisnéis bhunúsach atá le léiriú sna sonraí meaisín-inléite ann cheana féin, gan beann ar an bhformáid nó ar an meán ina gcuirtear i láthair iad. Ba cheart cineálacha sonraí agus seirbhísí, ar cheart a soláthar a dhéanamh éigeantach faoin Treoir seo, a shainaithint ar bhonn na sonraíochtaí a ghlac an Coimisiún trí ghníomhartha tarmligthe lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE, go háirithe Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 2022/670[23], (AE) 885/2013, (AE) 886/2013 agus (AE) 2017/1926 ón gCoimisiún, agus ba cheart dóibh na cineálacha sonraí agus na seirbhísí a leagtar síos iontu sin a léiriú.

---

[22] Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

[23] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí faisnéise taistil fíor-ama ar fud an Aontais (IO L 122, 25.4.2022, lch. 1).

(12a) Ar mhaithe le leanúnachas, maidir le cineálacha sonraí agus seirbhísí ar cheart a soláthar a bheith éigeantach faoin Treoir seo, ceanglófar go gcuirfí ar fáil iad laistigh de limistéar geografach nithiúil. Chun an limistéar sin a chinneadh, ba cheart cur chuige céim ar chéim comhréireach a leanúint, bunaithe ar an taithí agus ar na torthaí a fuarthas cheana agus atá á bhfáil le linn an mhéadaithe.

(13) Léiríonn an staidéar ó 2020 '*Mapping accessible transport for persons with reduced mobility*'[24] ('Iompar inrochtana le haghaidh daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu a mhapáil') nach féidir, faoi láthair, turais a phleanáil ar bhealach iontaofa agus gnéithe inrochtaineachta á úsáid mar athróga cuardaigh, de cheal sonraí leordhóthanacha maidir leis na gnéithe sin. Chun inrochtaineacht an chórais iompair a fheabhsú a thuilleadh agus chun an taisteal a éascú le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, ní mór sonraí maidir le nóid rochtana agus lena ngnéithe inrochtaineachta a bheith ar fáil do sheirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha.

(14) Tá sé le tuiscint ón bhfás ar an gcomhtháthú idir córais ITS agus ardchórais cúnaimh tiománaí, nó idir córais feithiclí agus córais bhonneagair go ginearálta, go mbeidh na córais sin ag brath mó sa mhó ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn siad dá chéile. Is amhlaidh atá sé i gcás C-ITS go háirithe. Tiocfaidh méadú ar an spleáchas sin de réir mar a bhainfear ardleibhéil uathoibrithe amach. Ar na hardleibhéil uathoibrithe sin, meastar go n-úsáidfear an chumarsáid idir feithiclí agus bonneagar chun gluaiseachtaí a eagrú agus réidhe na sreafaí tráchta a fheabhsú, rud a chuirfidh le hinbhuanaitheacht an iompair freisin. Dá gcuirfí i mbaol sláine sheirbhísí ITS, d'fhéadfadh sé sin tionchar tromchúiseach a bheith aige ar shábháilteacht ar bhóithre, mar shampla nuair a chuirfeadh faisnéis, atá bréagach d'aon ghnó, ar fheithiclí ainliú a dhéanamh lena gcuirfí úsáideoirí bóithre i mbaol, agus a d'fhéadfadh éifeacht iarmhartach a bheith aige sin ar chóras iompair an Aontais. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i staideanna ina gcuirfear sláine na seirbhísí ITS i mbaol agus inar gá idirghabháil a dhéanamh go práinneach chun ceartfheidhmiú sábháilte chóras iompair an Aontais agus sábháilteacht ar bhóithre a áirithiú, chun frithbhearta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna na staide sin agus ar a hiarmhairtí. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh a luaithe is féidir agus ba cheart iad a bheith infheidhme láithreach. Mar sin féin, agus frithbhearta den sórt sin á n-ullmhú aige, ba cheart don Choimisiún gach iarracht is féidir a dhéanamh chun dul i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE)

24 https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/dfa0c844-3b5f-11eb-b27b-01aa75ed71a1

Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25]. Ag féachaint don ghá le leanúnachas an iompair a áirithiú, is iomchuí an fadú ar bhailíocht an bhirt sin thar 6 mhí a chur i bhfeidhm trí bhíthin na rogha dá bhforáiltear faoi Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Ba cheart deireadh a theacht leis na frithbhearta sin a luaithe agus a chuirtear réiteach malartach chun feidhme nó a réitítear an staid éigeandála.

(15) Maidir le haon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta faoin Treoir seo, amhail próiseáil sonraí suímh nuair a cheadaítear leis sin duine a aithint, go díreach nó go hindíreach, ba cheart an phróiseáil sin a chur i gcrích i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint na sonraí pearsanta agus an phríobháideachais, mar a leagtar amach, go háirithe, i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] agus i dTreoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27]. I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart a shonrú sa Treoir seo an chríoch a bhféadfar sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Treoir seo chuige.

I gcás ina mbainfidh siad le próiseáil sonraí pearsanta, ba cheart foráil a dhéanamh sna sonraíochtaí atá le forbairt faoin Treoir seo do choimircí leordhóthanacha iomchuí cosanta sonraí pearsanta i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir 2002/58/CE, lena n-áirítear i ndáil le fad uasta stórála sonraí, anaithnidiú sonraí nó bréagainmniú sonraí. Go háirithe, gan dochar d'aon cheanglas sonrach a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le húsáid sonraí anaithnide nó bréagainmnithe, aon uair is féidir na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach ar an gcuma chéanna, ba cheart anaithnidiú nó bréagainmniú a mholadh mar theicnící chun príobháideachas daoine aonair a fheabhsú, i gcomhréir le prionsabal na cosanta sonraí trí dhearadh. Thairis sin, ba cheart coimircí i gcoinne mí-úsáide, lena n-áirítear rochtain neamhdhleathach, athrú nó caillteanas a leagan síos sna sonraíochtaí sin nó sa dlí náisiúnta, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir 2002/58/CE.

---

[25] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

[26] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[27] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

(17) Tá feidhm ag Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí[28] i gcás táirgí nach ndéantar foráil níos sonraí i dtaca leo sa reachtaíocht earnála chun críocha an chuspóra sábháilteachta chéanna, agus freisin i gcás nach gcumhdaíonn na ceanglais sábháilteachta dá bhforáiltear le reachtaíocht earnála na gnéithe agus na rioscaí nó na catagóirí de rioscaí a chumhdaítear leis an Treoir sin (rud ar a dtugtar an 'líontán sábhála').

(18) I gcás inar gá measúnú ar chomhréireacht a chur i gcrích, ba cheart forálacha mionsonraithe a bheith sna sonraíochtaí, forálacha lena leagtar síos an nós imeachta lena rialaítear measúnú ar chomhréireacht comhpháirteanna nó ar a n-oiriúnacht lena n-úsáid. Maidir le seirbhísí ITS áirithe, agus go háirithe maidir le seirbhísí C-ITS, tá an idir-inoibritheacht agus comhlíontacht leanúnach roinnt ceanglais fíor-riachtanach chun ceartfheidhmiú sábháilte an chórais a áirithiú. Dá bhrí sin, i gcás inar gá, na sonraíochtaí lena leagtar síos ceanglais maidir le táirgí, ba cheart nósanna imeachta um fhaireachas margaidh, lena n-áirítear clásal cosanta, a leagan síos leo freisin. Ba cheart na forálacha sin a bheith bunaithe ar Chinneadh 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29], go háirithe maidir leis na modúil le haghaidh na gcéimeanna éagsúla de na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus faireachas margaidh. Le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30], leagtar creat síos maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus a bpáirteanna nó a dtrealamh gaolmhar agus maidir le faireachas margaidh orthu, agus le Rialacháin (AE) Uimh. 167/2013[31] agus (AE) Uimh. 168/2013[32] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, leagtar síos rialacha maidir le cineálcheadú feithiclí ar dhá roth nó ar thrí roth agus cuadrothar, agus feithiclí talmhaíochta nó foraoiseachta agus a bpáirteanna nó a dtrealamh gaolmhar. Dá bhrí sin, is dúbailt oibre a bheadh ann foráil a dhéanamh maidir le measúnú comhréireachta a dhéanamh ar threalamh

---

28 Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4).

29 Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

30 Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

31 Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (IO L 60, 2.3.2013, lch. 1).

32 Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

agus ar fheidhmchláir a thagann faoi raon feidhme na ngníomhartha reachtacha sin. Mar sin féin, tá feidhm ag na gníomhartha reachtacha sin faoi cheadú feithiclí maidir le trealamh a bhaineann le ITS agus a suitear i bhfeithiclí, ach níl feidhm acu maidir le trealamh agus bogearraí ITS bonneagair bóthair seachtracha, agus ba cheart an trealamh sin agus na bogearraí sin a bheith faoi raon feidhm na Treorach seo. Sna cásanna sin, d'fhéadfaí foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus faireachas margaidh leis na sonraíochtaí. Ba cheart na nósanna imeachta sin a bheith teoranta don mhéid a bheadh riachtanach i ngach cás ar leith agus ba cheart gurb é a gcuspóir, i gcás inarb iomchuí, cur chuige córasach i leith rialacha maidir le hainmniú comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus na nósanna imeachta is infheidhme, go háirithe maidir le feidhmeanna agus seirbhísí trasteorann.

(19) Nuair a bhíonn córais intleachta saorga i gceist le himscaradh agus úsáid trealaimh agus bogearraí ITS, ba cheart na forálacha ábhartha den Ghníomh um an Intleacht Shaorga[33], atá le teacht, a chur san áireamh.

(20) I gcás feidhmchláir agus seirbhísí ITS a mbíonn seirbhísí uainiúcháin agus suiteála cruinne ráthaithe ag teastáil ina leith, ba cheart úsáid a bhaint as bonneagair atá bunaithe ar shatailítí nó as aon teicneolaíocht a sholáthraíonn leibhéal beachtais coibhéiseach. Ba cheart sineirgí idir earnálacha iompair agus spáis an Aontais a shaothrú chun úsáid níos leithne na dteicneolaíochtaí nua a chothú, teicneolaíochtaí a fhreagraíonn don ghá atá ann le seirbhísí uainiúcháin agus suiteála cruinne ráthaithe. Soláthraíonn Clár Spáis an Aontais, arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34], sonraí, faisnéis agus seirbhísí ardcháilíochta slána cothrom le dáta a bhaineann leis an spás, agus sin trí chórais Galileo, Bhreis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS), agus Copernicus.

(21) Seirbhísí uainiúcháin agus suiteála iontaofa daingnithe a sholáthar, is eilimint fíor-riachtanach é sin in oibriú éifeachtach na bhfeidhmchlár agus na seirbhísí ITS. Dá bhrí sin, is iomchuí a áirithiú go mbeidh siad comhoiriúnach don sásra fíordheimnithe a sholáthraíonn clár Galileo, chun ionsaithe spúfála chomharthaí na gcóras domhanda um loingseoireacht satailíte ('GNSS') a mhaolú.

---

[33] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hintleacht shaorga (gníomh um intleacht shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha reachtacha áirithe de chuid an Aontais (COM(2021) 206 final).

[34] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

(22) Ba cheart dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear grúpaí saineolaithe eile de chuid an Choimisiúin agus coistí a bhíonn ag plé le gnéithe digiteacha an iompair, agus na cláir oibre a ghlacfaidh an Coimisiún faoi Threoir 2010/40/AE á dtarraingt suas.

(22a) Ba cheart na rialacha maidir le tuairisciú a shimpliú agus ba cheart dóibh anailís chomparáideach a cheadú ar bhealach níos fearr. Dá bhrí sin, ba cheart tuarascáil amháin ó Bhallstát gach trí bliana, lena gcumhdaítear cur chun feidhme na Treorach agus gach gníomh tarmligthe agus cur chun feidhme, a chur in ionad na n-oibleagáidí tuairiscithe éagsúla atá ann cheana, agus ba cheart teimpléad coiteann a bhunú lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta áirithe. Bunaithe ar thaithí maidir le príomhtháscairí feidhmíochta deonacha a úsáid sna tuarascálacha, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann roinnt de na táscairí sin a bheidh le háireamh sa teimpléad comhchuibhithe a roghnú.

(23) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i dtaca leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le cláir oibre a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta, clúdaigh gheografacha agus na spriocdhátaí faoi seach a shocrú i ndáil le cineálacha sonraí éigeantacha agus seirbhísí ITS a imscaradh ag na Ballstáit, agus an teimpléad le haghaidh na dtuarascálacha atá le soláthar ag na Ballstáit a ghlacadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35].

(24) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun liosta na gcineálacha sonraí dá bhfuil na Ballstáit lena áirithiú go mbeidh sonraí ar fáil a leasú agus chun liosta na seirbhísí ITS a bhfuil na Ballstáit lena n-imscaradh a áirithiú a leasú, ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús teacht i bhfeidhm na Treorach seo. Ba cheart an tréimhse sin a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, ach amháin i gcás ina gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú

[35] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[36]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(25) Chun cur chuige comhordaithe a áirithiú, ba cheart don Choimisiún an comhleanúnachas a áirithiú idir gníomhaíochtaí an Choiste a bhunaítear leis an Treoir seo agus gníomhaíochtaí na gCoistí a bhunaítear le Rialacháin (AE) Uimh. 165/2014[37], (AE) 2019/1239[38], (AE) 2020/1056[39] agus (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus le Treoracha 2007/2/CE[40] agus (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41].

(26) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit agus/nó leis an earnáil phríobháideach cuspóir na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon Córais Chliste Iompair idir-inoibritheacha a imscaradh ar bhealach comhordaithe comhleanúnach ar fud an Aontais, agus ós rud é gur fearr is féidir sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(27) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[42], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra

---

36 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

37 Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

38 Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 64).

39 Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33).

40 Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

41 Treoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas (IO L 91, 29.3.2019, lch. 45).

42 IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar le doiciméid den sórt sin a tharchur.

(28) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43] agus thug sé tuairim uaidh an 2 Márta 2022,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir 2010/40/AE**

Leasaítear Treoir 2010/40/AE mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

'2a. Leis an Treoir seo, déantar foráil maidir le hinfhaighteacht sonraí agus le seirbhísí ITS a imscaradh laistigh de na réimsí tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 2 mar a shonraítear in Iarscríbhinní III agus IV.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun críocha na Treorach seo, is réimsí tosaíochta maidir le sonraíochtaí agus caighdeáin a fhorbairt agus a úsáid a bheidh sna réimsí seo a leanas:

(a) I. Seirbhísí ITS maidir le faisnéis agus leis an tsoghluaisteacht;

(b) II.Seirbhísí ITS maidir leis an taisteal, an iompar agus bainistíocht an tráchta;

(c) III. Seirbhísí ITS maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre agus leis an tslándáil;

(d) IV. Seirbhísí ITS le haghaidh soghluaisteacht chomhoibríoch, nasctha agus uathoibrithe.';

43 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(3) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

'(4) ciallaíonn 'seirbhís ITS' feidhmchlár ITS a sholáthar trí chreat eagraíochtúil agus oibríochtúil dea-shainithe a bhfuil sé d'aidhm aige cur le sábháilteacht an úsáideora, éifeachtúlacht, soghluaisteacht inbhuanaithe, compord agus/nó oibríochtaí iompair agus taistil a éascú nó tacú leo;'

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 18:

'(18) ciallaíonn 'caighdeán' caighdeán mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

---

* Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).';

(b) cuirtear pointí (19) go (24) seo a leanas isteach:

'(19) ciallaíonn 'córais iompair chliste chomhoibritheacha' nó 'C-ITS' córais iompair chliste a chuireann ar a gcumas d'úsáideoirí ITS idirghníomhú agus comhordú trí theachtaireachtaí daingnithe iontaofa a mhalartú gan aon aithne a bheith acu ar a chéile roimhe sin;

(20) ciallaíonn 'seirbhís C-ITS' seirbhís ITS a sholáthraítear trí C-ITS;

(21) ciallaíonn 'infhaighteacht na sonraí' sonraí a bheith ar fáil i bhformáid dhigiteach atá inléite ag meaisín;

(22) ciallaíonn ‘Pointe Rochtana Náisiúnta’ comhéadan digiteach arna bhunú ag Ballstát ar pointe aonair rochtana ar shonraí é, mar a shainítear i sonraíochtaí arna nglacadh de bhun Airteagal 6;

(23) ciallaíonn ‘inrochtaineacht na sonraí’ féidearthacht sonraí a iarraidh agus a fháil i bhformáid dhigiteach atá inléite ag meaisín;

(24) ciallaíonn ‘seirbhís soghluaisteachta dhigiteach ilmhódach’ seirbhís a sholáthraíonn faisnéis maidir le sonraí tráchta agus taistil, amhail suíomh na saoráidí iompair, sceidil, infhaighteacht nó táillí, i dtaca le níos mó ná modh taistil amháin, agus féadfaidh gnéithe a bheith san áireamh trínar féidir áirithintí nó íocaíochtaí a dhéanamh nó ticéid a eisiúint.’;

(3a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 4a*

**Clár oibre**[44]

1. Faoin [Dáta teacht i bhfeidhm + 12 mí], agus tar éis dó dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, glacfaidh an Coimisiún clár oibre trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(4). Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad sa chlár oibre:

(a) cuspóirí agus dátaí le haghaidh a chur chun feidhme gach bliain, lena léirítear na míreanna oibre ar cheart sonraíochtaí a fhorbairt ina leith i gcomhréir le hAirteagal 6;

(b) na cineálacha sonraí agus na seirbhísí ITS a bhféadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina leith de bhun Airteagal 7(1) agus (2).

[44] Aistrítear an téacs go páirteach ó Airteagal 17(5) den togra.

2. Roimh gach fadú 5 bliana ar an gcumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12(2), eiseoidh an Coimisiún clár oibre nua trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme lena n-áireofar na heilimintí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b) ar a laghad. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(4).

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*'Airteagal 5*

**Sonraíochtaí a chur i bhfeidhm maidir le himscaradh ITS**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear na sonraíochtaí arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le Airteagal 6 i bhfeidhm ar fheidhmchláir agus ar sheirbhísí ITS, nuair a imscarfar iad, i gcomhréir leis na prionsabail in Iarscríbhinn II. Tá an méid sin gan dochar do cheart gach Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis na feidhmchláir agus na seirbhísí sin a imscaradh ar a chríoch. Tá an ceart sin gan dochar d'Airteagal 6a.

2. I gcás inarb ábhartha, oibreoidh na Ballstáit i gcomhar i ndáil leis na réimsí tosaíochta, a mhéid nach mbeidh sonraíochtaí arna nglacadh maidir leis na réimsí tosaíochta sin.

3. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar freisin, mar shampla trí thionscadail chomhordúcháin a fhaigheann tacaíocht ón Aontas agus in éineacht le páirtithe leasmhara ábhartha i gcás inar gá, ar ghnéithe oibríochtúla chur chun feidhme na sonraíochtaí arna nglacadh ag an gCoimisiún, amhail caighdeáin agus próifílí comhchuibhithe AE, sainmhínithe coiteanna, meiteashonraí coiteanna, ceanglais cháilíochta coiteanna agus gnéithe a bhaineann le hidir-inoibritheacht ailtireachtaí na bPointí Rochtana Náisiúnta, coinníollacha coiteanna um malartú sonraí, chomh maith le gníomhaíochtaí oiliúna agus for-rochtana coiteanna. Maidir leis na ceanglais ar sholáthraithe sonraí, úsáideoirí sonraí agus soláthraithe seirbhíse ITS a leagtar amach sna sonraíochtaí, oibreoidh na Ballstáit i gcomhar freisin, i gcás inarb ábhartha, ar chleachtais chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sin agus ar shásraí a fhorbairt le haghaidh forfheidhmiú comhlíontachta.';

(5) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Gan dochar do na nósanna imeachta a leagtar amach le Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, sonrófar sna sonraíochtaí, i gcás inarb iomchuí, na coinníollacha faoina bhféadfaidh na Ballstáit, tar éis dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún, rialacha breise a bhunú maidir le seirbhísí ITS a sholáthar ar a gcríoch ar fad nó ar chuid di, ar choinníoll nach gcuireann na rialacha sin bac ar an idir-inoibritheacht.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. I gcás inarb iomchuí, beidh na sonraíochtaí bunaithe ar aon chaighdeán dá dtagraítear in Airteagal 8.

Áireofar sna sonraíochtaí rialacha maidir le paraiméadair a shocrú a bhaineann le cáilíocht agus le hoiriúnacht chun úsáide. De réir mar is iomchuí agus go háirithe i gcás ina mbeidh údar maith leis sin ar mhaithe leis an tsábháilteacht agus an idir-inoibritheacht, áireofar sna sonraíochtaí rialacha maidir le measúnú comhréireachta agus faireachas margaidh, lena n-áireofar clásal cosanta, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE.

Féadfaidh na Ballstáit comhlacht amháin nó roinnt comhlachtaí a ainmniú, atá inniúil ar mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sna sonraíochtaí, faoi réir aon rialacha sonracha maidir le measúnú a d’fhéadfaí a leagan síos iontu.

Beidh na sonraíochtaí i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II.’;

(c) cuirtear isteach an mhír 8 seo a leanas:

‘8. Glacfaidh an Coimisiún na sonraíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 12. Ní chumhdófar níos mó ná réimse tosaíochta amháin le gníomh tarmligthe ar leithligh agus glacfar é le haghaidh gach ceann de na gníomhaíochtaí tosaíochta.’[45]

____________

* Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise
(IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).’;

(6) Cuirtear an tAirteagal 6a seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 6a*

**Infhaighteacht sonraí agus imscaradh seirbhísí ITS**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le gach cineál sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis bhunúsach ann cheana, go mbeidh sonraí ar fáil le haghaidh an chumhdaigh gheografaigh a bhaineann leis an gcineál sin sonraí a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná an dáta ábhartha a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3.

Áiritheoidh na Ballstáit inrochtaineacht na sonraí sin ar na Pointí Rochtana Náisiúnta faoin dáta céanna.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-imscarfar na seirbhísí ITS a shonraítear in Iarscríbhinn IV le haghaidh an chumhdaigh gheografaigh agus tráth nach déanaí ná an dáta ábhartha a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3.

[45] Nóta: Tá substaint Airteagal 7(1) agus (2) den Treoir atá ann faoi láthair ar fáil go páirteach sa mhír seo 8.

3. Sonróidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 15(4):

(a) an cumhdach geografach i ndáil leis na cineálacha sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, agus spriocdhátaí cur chun feidhme;

(b) an cumhdach geografach i ndáil leis na seirbhísí ITS a liostaítear in Iarscríbhinn IV, agus spriocdhátaí cur chun feidhme.

Agus gníomhartha cur chun feidhme den chineál sin á nglacadh, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an riosca go gcuirfear isteach ar shonraí pearsanta chomh maith leis na costais agus na hacmhainní daonna is gá chun na sonraí ábhartha a chur ar fáil agus chun na seirbhísí ábhartha a imscaradh ar leibhéal leordhóthanach cáilíochta chun a áirithiú go mbeidh na costais agus na hacmhainní sin, go háirithe na costais agus na hacmhainní sin arna dtabhú ag údaráis phoiblí, chomh híseal agus is féidir. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin na costais agus an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith de cheangal ar oibreoirí príobháideacha na sonraí agus na seirbhísí a sholáthar. I gcás ina ndearnadh anailís chostais is tairbhe agus measúnú tionchair i gcomhréir le hAirteagal 7(1) nó (2) maidir le cineálacha nó seirbhísí sonraí a cuireadh le hIarscríbhinní III agus IV, féadfaidh an Coimisiún torthaí na hanailíse agus an mheasúnaithe tionchair sin a úsáid le haghaidh a bhreithnithe.';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

*'Airteagal 7*

Leasuithe ar Iarscríbhinní III agus IV

'1.[46] Tar éis anailís chostais is tairbhe agus measúnú tionchair lena n-áirítear comhairliúcháin iomchuí, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12 i bhfianaise fhorbairt an mhargaidh agus na teicneolaíochta ar fud an Aontais, chun an liosta de chineálacha sonraí in Iarscríbhinn III a leasú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ag cur le cineálacha sonraí nó á modhnú, ar cineálacha sonraí iad a bhaineann go bunúsach leis na réimsí tosaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus atá liostaithe sna sonraíochtaí arna mbunú de bhun Airteagal 6(8), i gcás ina dtagann, de réir na hanailíse costais is tairbhe agus an mheasúnaithe tionchair, buntáistí agus feabhsuithe tábhachtacha a bhfuil údar soiléir leo ó thaobh inbhuanaitheacht iompair, sábháilteacht agus slándáil iompair, nó éifeachtúlacht agus bainistíocht iompair de bharr infhaighteacht na gcineálacha sonraí sin, nó

(b) i gcás ina bhfuil údar soiléir leis, na cineálacha sonraí a áirítear in Iarscríbhinn III a scriosadh.

Beidh gach gníomh tarmligthe comhsheasmhach leis na cineálacha sonraí a leagtar amach sa chlár oibre is déanaí arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4a agus ní chumhdófar níos mó ná réimse tosaíochta amháin leis.

[46] Nóta: mír 1 reatha ionchorpraithe in Airteagal 6, mír nua 8.

2. Tar éis anailís chostais is tairbhe agus measúnú tionchair lena n-áirítear comhairliúcháin iomchuí, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12 i bhfianaise na forbartha margaidh agus teicneolaíochta ar fud an Aontais, chun liosta na seirbhísí ITS in Iarscríbhinn IV a leasú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ag cur le seirbhísí a thagann faoi raon feidhme Iarscríbhinn I, nó á modhnú, a bunaíodh sonraíochtaí de bhun Airteagal 6(8) ina leith, i gcás ina dtugann soláthar na seirbhísí sin, de réir na hanailíse costais is tairbhe agus an mheasúnaithe tionchair, buntáistí agus feabhsuithe tábhachtacha a bhfuil údar soiléir leo i dtéarmaí inbhuaine iompair, sábháilteacht agus slándáil iompair, nó éifeachtúlacht agus bainistíocht iompair, nó

(b) i gcás go bhfuil údar soiléir leis, seirbhísí a áirítear in Iarscríbhinn IV a scriosadh.

Beidh gach gníomh tarmligthe comhsheasmhach leis an liosta de sheirbhísí ITS a leagtar amach sa chlár oibre is déanaí arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4a agus ní chumhdófar níos mó ná réimse tosaíochta amháin leis.

3. Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh de bhun an Airteagail seo, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar an riosca go gcuirfear isteach ar shonraí pearsanta chomh maith leis na costais agus na hacmhainní daonna is gá chun na sonraí ábhartha a chur ar fáil nó chun na seirbhísí ábhartha a imscaradh ar leibhéal leordhóthanach cáilíochta chun a áirithiú go mbeidh na costais agus na hacmhainní sin, go háirithe na costais agus na hacmhainní sin arna dtabhú ag údaráis phoiblí, chomh híseal agus is féidir. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin na costais agus an t-ualach riaracháin a d’fhéadfadh a bheith de cheangal ar oibreoirí príobháideacha na sonraí agus na seirbhísí a sholáthar’;

(8) Cuirtear an tAirteagal 7a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 7a*

**Bearta eatramhacha**

1. Gan dochar do shásraí ullmhachta agus freagartha teagmhais, amhail na sásraí sin a bunaíodh faoi Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, i gcás éigeandála, gníomhartha cur chun feidhme cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh lena leagtar síos frithbhearta chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna agus ar iarmhairtí an cháis sin, amhail oibleagáidí a chur ar fionraí laistigh de raon feidhme na réimsí tosaíochta a shocraítear faoi Airteagal 2. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas a luaithe is féidir nuair a mheasann sé go bhfuil staid éigeandála ann.

2. Ní fhéadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le mír 1 ach amháin i gcás éigeandála gan choinne a eascraíonn as infhaighteacht nó sláine seirbhísí ITS, atá faoi réir sonraíochtaí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 6, a bheith á gcur i mbaol, i gcás inar dócha go gcuirfeadh staid den sórt sin feidhmiú sábháilte agus cuí chóras iompair an Aontais i mbaol nó go mbeidh éifeacht dhíobhálach aige ar shábháilteacht ar bhóithre, agus sa chás amháin nach féidir a bheith ag súil leis go n-áiritheofar freagairt thráthúil agus éifeachtach trí shásra freagartha teagmhas a chur i bhfeidhm nó trí shonraíochtaí a mhodhnú i gcomhréir le hAirteagal 6. Beidh na bearta a ghlacfaidh an Coimisiún teoranta go docht d'aghaidh a thabhairt ar chúiseanna agus ar iarmhairtí na staideanna éigeandála sin.

3. Tá glacadh beart eatramhach i gcomhréir leis an Airteagal seo gan dochar d'inniúlacht na mBallstát gníomhaíocht a dhéanamh i staid éigeandála a bhaineann le cúrsaí slándála nó cosanta náisiúnta a bhfuil tionchar acu ar fheidhmchláir agus ar sheirbhísí ITS a úsáidtear ar a gcríoch.

4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(3). Ní bheidh tréimhse bhailíochta níos faide ná 8 mhí ag na gníomhartha cur chun feidhme sin. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas nuair a mheasfaidh sé go bhfuil deireadh tagtha leis an staid éigeandála agus déanfaidh sé na gníomhartha sin a aisghairm a luaithe a bheidh an staid thart nó tar éis don Choimisiún na sonraíochtaí ábhartha a leasú chun an staid a leigheas, cibé acu is túisce.[47]';

---

∗Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194/1, 19.7.2016 lch. 1) NÓTA: le nuashonrú a luaithe a thiocfaidh NIS2 i bhfeidhm (Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148, 2020/0359(COD))

(9) in Airteagal 8(1), cuirtear an tagairt do 'Threoir (AE) 2015/1535' in ionad na tagartha do 'Threoir 98/34/CE';

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

*'Airteagal 10*

**Rialacha maidir le cosaint na sonraí agus leis an bpríobháideachas**

1. Ní dhéanfar sonraí arb ionann iad agus sonraí pearsanta de réir bhrí phointe (1) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679* a phróiseáil de bhun na Treorach seo ach amháin a mhéid is gá an phróiseáil sin chun feidhmchláir, seirbhísí agus gníomhaíochtaí ITS a shainaithnítear in Iarscríbhinn I a fheidhmiú d'fhonn sábháilteacht nó slándáil ar bhóithre a áirithiú, agus d'fhonn trácht, soghluaisteacht nó bainistiú feabhsaithe teagmhas a áirithiú.

---

[47] Nóta: aistrítear an abairt dheireanach ó Airteagal 15(3).

2. I gcás ina mbaineann sonraíochtaí a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 6 le próiseáil sonraí ar sonraí pearsanta iad mar a shainítear in Airteagal 4, pointe (1) de Rialachán (AE) 2016/679, leagfar síos sna sonraíochtaí céanna catagóirí na sonraí sin agus déanfar foráil iontu maidir le coimircí iomchuí cosanta sonraí pearsanta de bhun Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir 2002/58/CE. Sa chás sin, áireofar sa mheasúnú tionchair dá dtagraítear in Airteagal 6(7)[48] anailís ar thionchar phróiseáil den sórt sin ar chosaint na sonraí pearsanta atá i gceist.

3. I gcás inarb iomchuí, spreagfar úsáid sonraí anaithnide nó sonraí faoi ainm bréige.

__________

* Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).';

(11) Cuirtear an tAirteagal 10a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 10a*

**Córas bainistíochta dintiúr slándála C-ITS AE**

Na sonraíochtaí le haghaidh an réimse tosaíochta dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (d), a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún agus é ag feidhmiú a chumhachtaí de bhun Airteagal 6(8), leagfar síos leo an córas bainistíochta dintiúr slándála C-ITS AE dá dtagraítear i bpointe 4.3 d'Iarscríbhinn I. Déanfar na róil a leanas den chóras sin a shonrú:

(a) údarás beartais deimhnithe C-ITS;

(b) bainisteoir liosta iontaoibhe C-ITS;

(c) pointe teagmhála C-ITS.

Beidh an Coimisiún freagrach as a áirithiú go ndéanfar na róil sin a fhorfheidhmiú.' ;

48 Nóta: in Airteagal 6(7), léitear: 'Déanfaidh an Coimisiún measúnú tionchair lena n-áirítear measúnú costais is tairbhe sula nglacfar na sonraíochtaí.' (aistriúchán neamhoifigiúil)

(12) in Airteagal 12(2), cuirtear '[Iarrtar ar Oifig na bhFoilseachán dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo a chur isteach]' in ionad 'an 27 Lúnasa 2017';

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

*'Airteagal 15*

**Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh an Coiste Eorpach um an gCóras Cliste Iompair (EIC) cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtabharfaidh an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

__________

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).';

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

*'Airteagal 17*

**Tuairisciú** [49]

1. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiún faoin [Dáta an teacht i bhfeidhm + 18 mí] maidir le cur chun feidhme na Treorach seo agus na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar a bonn, agus maidir lena gcuid gníomhaíochtaí agus tionscadal náisiúnta i dtaca leis na réimsí tosaíochta, agus maidir le hinfhaighteacht sonraí agus seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinní III agus IV.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an teimpléad a leagan síos do na tuarascálacha tosaigh agus do na tuarascálacha ar dhul chun cinn lena n-áirítear liosta de phríomhtháscairí feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo agus na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn. I bhfianaise phrionsabal na comhréireachta agus ar bhonn dea-chleachtas, déanfar idirdhealú sna gníomhartha cur chun feidhme sin idir príomhtháscairí feidhmíochta éigeantacha a áireofar sna tuarascálacha agus táscairí breise a d'fhéadfaí a áireamh sna tuarascálacha sin i gcás inarb iomchuí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(4).

3. Tar éis an tuarascáil tosaigh, tuairisceoidh na Ballstáit gach 3 bliana faoin dul chun cinn a bheidh déanta maidir le cur chun feidhme na Treorach seo agus na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar a bonn. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar na spriocdhátaí don tuairisciú a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar bhonn Airteagal 6 a ailíniú leis an minicíocht sin.

4. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn a bheidh déanta maidir le cur chun feidhme na Treorach agus na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chum feidhme arna nglacadh ar a bonn, tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis gach sprioc-ama le haghaidh tuarascálacha ó na Ballstáit. Gabhfaidh anailís faoi fheidhmiú agus cur chun feidhme Airteagail 5 go 11 agus Airteagal 16, lena n-áirítear na hacmhainní airgeadais a úsáidtear agus a theastaíonn, leis an tuarascáil sin, agus tabharfaidh sí measúnú ar an ngá atá leis an Treoir seo a leasú i gcás inarb iomchuí.

[49] Nóta: Aistrítear téarmaí an chláir oibre go hAirteagal 4a nua.

(15) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinní I agus II;

(16) Cuirtear Iarscríbhinní III agus IV isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

**Trasuí**

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [Dáta teacht i bhfeidhm + 24 mí] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

[…]

# IARSCRÍBHINN I

## RÉIMSÍ TOSAÍOCHTA

**(dá dtagraítear in Airteagal 2)**

1. Réimse tosaíochta I: Seirbhísí ITS maidir le faisnéis agus leis an tsoghluaisteacht

Cuimseoidh na sonraíochtaí agus na caighdeáin le haghaidh seirbhísí ITS do phaisinéirí maidir le faisnéis agus leis an tsoghluaisteacht an méid seo a leanas:

1.1. Sonraíochtaí le haghaidh seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha ar fud an Aontais (lena n-áirítear seirbhísí faisnéise taistil ilmhódacha ar fud an Aontais)

Sainiú na gceanglas is gá le haghaidh seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha ar fud an Aontais, agus le haghaidh seirbhísí atá cosúil leo a sholáthraíonn gnéithe faisnéise, airithinte nó ceannaithe i dtaca le breis agus oibreoir amháin laistigh den mhodh iompair céanna, ionas go mbeidh na seirbhísí sin cruinn agus go mbeidh siad infhaighte thar theorainneacha ag úsáideoirí ITS, bunaithe ar an méid seo a leanas:

1.1.1. sonraí ilmhódacha tráchta agus iompair cruinne atá ann cheana féin agus a úsáidtear le haghaidh seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha a bheith infhaighte agus inrochtana ag soláthraithe seirbhísí ITS, gan dochar do shrianta a bhaineann leis an tsábháilteacht nó leis an mbainistíocht iompair;

1.1.2. malartú leictreonach sonraí idir na húdaráis phoiblí agus páirtithe leasmhara ábhartha agus na soláthraithe seirbhísí ITS ábhartha, thar theorainneacha, go háirithe trí chomhéadain chaighdeánaithe;

1.1.3. na sonraí ilmhódacha tráchta agus taistil infhaighte a úsáidtear le haghaidh seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha a bheith á dtabhairt cothrom le dáta go tráthúil ag na húdaráis phoiblí agus na páirtithe leasmhara ábhartha;

1.1.4. faisnéis taistil ilmhódach, lena n-áirítear faisnéis maidir le háirithint agus ceannach na seirbhísí iompair i gcás inarb ábhartha, a bheith á tabhairt cothrom le dáta go tráthúil ag na soláthraithe seirbhísí ITS.

1.2. Sonraíochtaí le haghaidh seirbhísí faisnéise tráchta bóthair agus loingseoireachta ar fud an Aontais (lena n-áirítear seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama ar fud an Aontais)

Sainiú na gceanglas is gá le haghaidh seirbhísí faisnéise tráchta bóthair agus loingseoireachta ar fud an Aontais, ionas go mbeidh na seirbhísí sin cruinn agus go mbeidh siad infhaighte thar theorainneacha ag úsáideoirí ITS, ar bhonn an mhéid seo a leanas:

1.2.1. sonraí bóthair agus tráchta cruinne atá ann cheana féin, lena n-áirítear sonraí fíor-ama, a úsáidtear le haghaidh faisnéise tráchta fíor-ama, a bheith infhaighte agus inrochtana ag soláthraithe seirbhísí ITS agus ag páirtithe leasmhara eile, agus a bheith infhaighte agus inrochtana lena n-úsáid i léarscáileanna, gan dochar do shrianta a bhaineann leis an tsábháilteacht nó leis an mbainistíocht iompair;

1.2.2. malartú leictreonach sonraí a éascú idir na húdaráis phoiblí ábhartha agus páirtithe leasmhara agus na soláthraithe seirbhíse ITS ábhartha, thar theorainneacha, lena n-áirítear aiseolas maidir le cáilíocht sonraí;

1.2.3. na sonraí bóthair agus tráchta infhaighte a úsáidtear le haghaidh faisnéis tráchta fíor-ama a bheith á dtabhairt cothrom le dáta go tráthúil ag na húdaráis phoiblí agus na páirtithe leasmhara ábhartha;

1.2.4. faisnéis tráchta fíor-ama cothrom le dáta a bheith á cur in iúl go tráthúil d'úsáideoirí bóithre agus do pháirtithe leasmhara eile ag na soláthraithe seirbhíse ITS.

1.3. Sonraíochtaí maidir le seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha ar fud an Aontais agus le haghaidh seirbhísí faisnéise tráchta bóthair agus loingseoireachta

1.3.1. Sainiú na gceanglas is gá maidir le sonraí bóithre agus tráchta (i.e. pleananna cúrsaíochta tráchta, rialacháin tráchta agus bealaí molta, go háirithe d'fheithiclí earraí troma) a bheith á mbailiú ag na húdaráis phoiblí ábhartha agus/nó ag an earnáil phríobháideach, i gcás inarb ábhartha, agus á gcur ar fáil do sholáthraithe seirbhíse ITS iad, bunaithe ar an méid seo a leanas:

1.3.1.1. sonraí bóithre agus tráchta atá ann cheana agus a bhailigh na húdaráis phoiblí ábhartha agus/nó an earnáil phríobháideach (i.e. pleananna cúrsaíochta tráchta, rialacháin tráchta agus bealaí molta) a bheith infhaighte ag soláthraithe seirbhíse ITS;

1.3.1.2. malartú leictreonach sonraí a éascú idir na húdaráis phoiblí ábhartha agus na soláthraithe seirbhíse ITS agus páirtithe leasmhara eile;

1.3.1.3. sonraí bóithre agus tráchta (i.e. pleananna cúrsaíochta tráchta, rialacháin tráchta agus bealaí molta) a bheith á dtabhairt cothrom le dáta go tráthúil ag na húdaráis phoiblí ábhartha agus/nó ag an earnáil phríobháideach, i gcás inarb ábhartha;

1.3.1.4. na seirbhísí agus feidhmchláir ITS ina n-úsáidtear na sonraí bóithre agus tráchta sin a bheith á dtabhairt cothrom le dáta go tráthúil ag na soláthraithe seirbhíse ITS.

1.3.2. Sainiú na gceanglas is gá le haghaidh na sonraí maidir le bóithre agus trácht, agus na sonraí ábhartha maidir le taisteal agus bonneagar ilmhódach, a úsáidtear le haghaidh léarscáileanna digiteacha ionas go mbeidh na sonraí sin cruinn agus go mbeidh siad infhaighte ag táirgeoirí léarscáileanna digiteacha agus ag soláthraithe seirbhísí, i gcás inar féidir, ar bhonn an mhéid seo a leanas:

1.3.2.1. na sonraí atá ann cheana maidir le bóithre agus trácht agus na sonraí ábhartha atá ann cheana maidir le taisteal agus le bonneagar ilmhódach, lena n-áirítear nóid rochtana sainaitheanta, a úsáidtear le haghaidh léarscáileanna digiteacha, a bheith infhaighte ag táirgeoirí léarscáileanna digiteacha agus ag soláthraithe seirbhísí;

1.3.2.2. malartú sonraí leictreonacha a éascú idir na húdaráis phoiblí agus páirtithe leasmhara ábhartha agus táirgeoirí príobháideacha na léarscáileanna digiteacha agus soláthraithe seirbhíse;

1.3.2.3. sonraí bóithre agus tráchta le haghaidh léarscáileanna digiteacha a bheith á dtabhairt cothrom le dáta go tráthúil ag na húdaráis phoiblí agus páirtithe leasmhara ábhartha;

1.3.2.4. na léarscáileanna digiteacha a bheith á dtabhairt cothrom le dáta go tráthúil ag táirgeoirí na léarscáileanna digiteacha agus ag na soláthraithe seirbhíse.

2. Réimse tosaíochta II: Seirbhísí ITS maidir leis an taisteal, an iompar agus bainistíocht an tráchta

Cuimseoidh na sonraíochtaí agus na caighdeáin le haghaidh seirbhísí ITS maidir leis an taisteal, an iompar agus bainistíocht an tráchta an méid seo a leanas:

2.1. Sonraíochtaí maidir le seirbhísí feabhsaithe um bainistíocht tráchta agus teagmhas

Sainiú na gceanglas is gá chun tacú le seirbhísí feabhsaithe um bainistíocht tráchta agus teagmhas agus chun iad a chomhchuibhiú, ar bhonn an mhéid seo a leanas:

2.1.1. sonraí bóthair agus tráchta cruinne atá ann cheana féin agus sonraí maidir le timpistí agus teagmhais is gá le haghaidh seirbhísí um bainistíocht tráchta agus teagmhas a bheith infhaighte agus inrochtana;

2.1.2. malartú leictreonach sonraí a éascú, lena n-áirítear sonraí lastais atá ábhartha do bhainistiú tráchta agus teagmhas (e.g. iompar earraí contúirteacha, srianta ar rochtain a bhaineann le hearraí, iompar rómhór), idir ionaid bainistithe tráchta, lárionaid faisnéise tráchta, geallsealbhóirí agus na soláthraithe seirbhíse ábhartha ITS, thar theorainneacha, go háirithe trí chomhéadain chaighdeánaithe;

2.1.3. sonraí bóthair agus tráchta atá infhaighte agus sonraí maidir le timpistí agus teagmhais is gá le haghaidh seirbhísí um bainistíocht tráchta agus teagmhas a bheith á dtabhairt cothrom le dáta go tráthúil ag na páirtithe leasmhara ábhartha;

2.1.4. infhaighteacht sonraí agus sineirgíochtaí le tionscnaimh eile arb é is aidhm dóibh tacú le hilmhódúlacht, comhtháthú modhanna agus aistriú módach i dtreo na modhanna iompair is inbhuanaithe a éascú, trí chomhroinnt sonraí a chomhchuibhiú agus a éascú[50].

2.2. Sonraíochtaí le haghaidh seirbhísí bainistíochta soghluaisteachta

Sainiú na gceanglas is gá chun tacú leis na húdaráis iompair phoiblí seirbhísí bainistíochta soghluaisteachta cruinne a fhorbairt, bunaithe ar an méid seo a leanas:

2.2.1. sonraí bóithre cruinne agus sonraí ilmhódacha taistil agus tráchta cruinne atá ann cheana féin agus is gá le haghaidh bainistíocht soghluaisteachta a bheith infhaighte agus inrochtana ag na húdaráis phoiblí ábhartha, gan dochar do cheanglais cosanta sonraí;

2.2.2. malartú sonraí leictreonacha a éascú idir na húdaráis phoiblí agus páirtithe leasmhara ábhartha agus na soláthraithe seirbhíse ITS ábhartha, thar theorainneacha;

---

[50] Amhail Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33) agus an obair atá ar bun ag an bhFóram Digiteach Iompair agus Lóistíochta (DTLF).

2.2.3. sonraí bóithre agus sonraí ilmhódacha taistil agus tráchta infhaighte is gá le haghaidh bainistíocht soghluaisteachta a bheith á dtabhairt cothrom le dáta go tráthúil ag na húdaráis phoiblí agus na páirtithe leasmhara ábhartha.

2.3. Creat de chuid an Aontais d'ailtireachtaí ITS

Sainiú na mbeart is gá chun ailtireacht chreata ITS AE a fhorbairt, lena dtabharfar aghaidh go sonrach ar idir-inoibritheacht a bhaineann le ITS, ar leanúnachas na seirbhísí agus ar ghnéithe il-mhódúlachta, sa chaoi go bhféadfaidh na Ballstáit agus a n-údaráis inniúla, i gcomhar leis an earnáil phríobháideach, a n-ailtireacht ITS féin le haghaidh na soghluaisteachta a fhorbairt ar bhonn náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil laistigh den ailtireacht chreata chéanna.

2.4. Feidhmchláir ITS agus lóistíocht iompair lastais

Sainiú na gceanglas is gá chun tacú le cur i bhfeidhm na bhfeidhmchlár ITS le haghaidh lóistíocht iompair lastais, agus go háirithe rianú agus lorg an lastais agus seirbhísí léargais eile ar feadh a thurais agus thar na modhanna iompair éagsúla, bunaithe ar an méid seo a leanas:

2.4.1. teicneolaíochtaí ITS ábhartha a bheith ar fáil d'fhorbróirí feidhmchlár ITS agus iad a bheith in úsáid acu;

2.4.2. sonraí a bhaineann le lastas a bheith infhaighte agus rochtain orthu trí chreataí roinnte sonraí sonracha eile[51];

2.4.3. torthaí suiteála a chomhtháthú sna huirlisí agus sna lárionaid bhainistíochta tráchta.

3. Réimse tosaíochta III: Seirbhísí ITS maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre agus leis an tslándáil

Cuimseoidh na sonraíochtaí agus na caighdeáin le haghaidh seirbhísí ITS a bhaineann leis an tsábháilteacht bóithre agus leis an tslándáil an méid seo a leanas:

3.1. Sonraíochtaí le haghaidh eCall idir-inoibrithe ar fud an Aontais

Sainiú na mbeart is gá chun córas eCall idir-inoibrithe a sholáthar ar bhonn comhchuibhithe ar fud an Aontais, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

3.1.1. na sonraí ITS is gá laistigh den fheithicil agus a bheidh le malartú a bheith ar fáil;

3.1.2. an trealamh is gá a bheith ar fáil sna hionaid freagartha glaonna éigeandála ina bhfaightear na sonraí a sheoltar ó na feithiclí;

3.1.3. malartú sonraí leictreonacha idir na feithiclí agus na lárionaid freagartha glaonna éigeandála a éascú, lena n-áirítear idirghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le sonraí faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2020/1056 agus le e-CMR* mar shampla i gcás earraí contúirteacha.

---

51 Amhail Rialachán (AE) 2020/1056.

*Prótacal breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gConradh maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar (CMR) maidir leis an nóta coinsíneachta leictreonach

3.2. Sonraíochtaí le haghaidh seirbhísí faisnéise agus áirithinte i dtaca le hionaid pháirceála do thrucailí agus d’fheithiclí tráchtála atá slán sábháilte

Sainiú na mbeart is gá chun seirbhísí faisnéise agus áirithinte bunaithe ar ITS a sholáthar i dtaca le hionaid pháirceála shlána shábháilte do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála, i gcás inarb ábhartha, go háirithe sna limistéir seirbhísí agus scíthe ar thaobh an bhóthair, bunaithe ar an méid seo a leanas:

3.2.1. faisnéis faoi pháirceáil ar bhóithre a bheith infhaighte ag úsáideoirí;

3.2.2. malartú leictreonach sonraí a éascú idir láithreacha agus áiteanna páirceála ar thaobh an bhóthair, lárionaid agus feithiclí;

3.2.3. teicneolaíochtaí ITS ábhartha a chomhtháthú sna feithiclí agus sna saoráidí páirceála ar thaobh an bhóthair araon chun an fhaisnéis faoi na spásanna páirceála atá ar fáil a thabhairt cothrom le dáta chun críoch áirithinte.

3.3. Sonraíochtaí le haghaidh faisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre

Sainiú na n-íoscheanglas maidir leis an ‘bhfaisnéis uilíoch tráchta’ a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chuirtear ar fáil saor in aisce nuair is féidir do gach úsáideoir, chomh maith lena hinneachair íosta, bunaithe ar an méid seo a leanas:

3.3.1. sonraí a bheith infhaighte agus inrochtana, ar sonraí cruinne iad maidir le teagmhais agus dálaí a bhaineann leis an tsábháilteacht agus ar gá iad le haghaidh seirbhísí faisnéise tráchta agus bainistíochta teagmhais a bhaineann leis an tsábháilteacht;

3.3.2. modhanna a imscaradh nó a úsáid chun teagmhais nó dálaí a bhaineann leis an tsábháilteacht a bhrath nó a shainaithint;

3.3.3. liosta caighdeánaithe de theagmhais tráchta a bhaineann leis an tsábháilteacht (‘teachtaireachtaí uilíocha tráchta’) a shainaithint agus a úsáid, ar teagmhais iad ar cheart iad a chur in iúl d'úsáideoirí ITS saor in aisce;

3.3.4. ‘teachtaireachtaí uilíocha tráchta’ a bheith comhoiriúnach do sheirbhísí ITS agus iad a chomhtháthú sna seirbhísí sin i dtaca le faisnéis tráchta fíor-ama agus faisnéis taistil ilmhódach.

3.4. Sonraíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí eile

3.4.1. Sainiú na mbeart is gá chun tacú le sábháilteacht na n-úsáideoirí bóithre i dtaca leis an gComhéadan Duine le Meaisín atá acu san fheithicil agus le húsáid gairis fánaíochta chun cuidiú le cúram na tiomána agus/nó le hoibríocht an iompair, mar aon le slándáil na cumarsáide laistigh den fheithicil nach bhfuil faoi raon feidhme Rialacháin (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53] agus (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54].

3.4.2. Sainiú na mbeart is gá chun tacú le sábháilteacht agus compord na n-úsáideoirí soghonta bóithre i dtaca le gach feidhmchlár ITS ábhartha nach bhfuil faoi raon feidhme Rialacháin (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

3.4.3. Sainiú na mbeart is gá chun córais ardleibhéil faisnéise tacaíochta tiomána a chomhtháthú i bhfeithiclí agus i mbonneagar bóthair nach bhfuil faoi raon feidhme Rialacháin (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

3.4.4. Sainiú na mbeart is gá chun malartú na faisnéise a éascú idir soláthraithe seirbhísí na bhfeidhmchlár ITS slándála, amhail seirbhísí tacaíochta chun feithiclí nó earraí goidte a athghabháil, agus na húdaráis phoiblí ábhartha, agus aird chuí á tabhairt ar chreataí eile atá ann nó atá ag teacht chun cinn, agus é d'aidhm acu roinnt na sonraí sa tsoghluaisteacht agus san iompar a éascú, creataí nach bhfuil faoi raon feidhme Rialacháin (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

[52] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

[53] Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (IO L 60, 2.3.2013, lch. 1).

[54] Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

4. Réimse tosaíochta IV: seirbhísí ITS le haghaidh soghluaisteacht chomhoibríoch, nasctha agus uathoibrithe

Cuimseoidh na sonraíochtaí agus na caighdeáin chun feithiclí a nascadh leis an mbonneagar iompair, chun an fheasacht a mhéadú agus chun gur féidir seirbhísí soghluaisteachta ar ardleibhéal uathoibrithe a chur chun úsáide an méid seo a leanas, gan dochar do shonraíochtaí agus do chaighdeáin atá i Rialacháin (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle:

4.1. Sainiú na mbeart is gá chun forbairt agus cur chun feidhme córas cliste iompair comhoibritheach (feithicil go feithicil, feithicil go bonneagar, bonneagar go bonneagar) a chur chun cinn a thuilleadh, chun tacú leis an tsoghluaisteacht chomhoibrithe, nasctha agus uathoibrithe, bunaithe ar an méid seo a leanas:

4.1.1. malartú sonraí nó faisnéise idir feithiclí, idir bonneagair agus idir feithiclí agus bonneagair agus idir úsáideoirí bóthair eile agus feithiclí agus bonneagair a éascú;

4.1.2. na sonraí nó an fhaisnéis ábhartha atá le malartú a bheith infhaighte ag na páirtithe ábhartha feithicle nó bonneagair bóthair;

4.1.3. formáid teachtaireachtaí chaighdeánaithe a úsáid chun sonraí nó faisnéis a mhalartú idir an fheithicil agus an bonneagar;

4.1.4. bonneagar cumarsáide a shainiú chun sonraí nó faisnéis a mhalartú idir feithiclí, idir bonneagair, agus idir feithicil agus bonneagair;

4.1.5. próisis chaighdeánaithe a úsáid chun na hailtireachtaí faoi seach a ghlacadh.

4.2. Sonraíochtaí le haghaidh seirbhísí

4.2.1. seirbhísí faisnéise agus rabhaidh C-ITS bunaithe ar shonraí stádais lena gcuirtear le feasacht na n-úsáideoirí iompair ar staideanna tráchta atá rompu;

4.2.2. seirbhísí faisnéise agus rabhaidh C-ITS bunaithe ar bhreathnaithe lena gcuirtear le feasacht na n-úsáideoirí iompair, úsáideoirí gan nasc san áireamh, ar staideanna tráchta atá rompu;

4.2.3. seirbhísí C-ITS bunaithe ar bheartaithe lena gcuirtear ar a gcumas d'fheithiclí déileáil le staideanna tráchta casta agus lenar féidir tiomáint ar ardleibhéal uathoibrithe a chur chun feidhme;

4.2.4. seirbhísí bonneagair C-ITS chun tacú leis an tiomáint uathoibrithe.

4.3. Sonraíochtaí le haghaidh an chórais bainistíochta dintiúr slándála C-ITS

4.3.1. an beartas deimhnithe le haghaidh bhainistíocht na ndeimhnithe eochrach poiblí le haghaidh seirbhísí C-ITS;

4.3.2. róil an údaráis bheartais deimhnithe C-ITS, an bhainisteora liosta iontaoibhe C-ITS agus an phointe teagmhála C-ITS a leagan síos;

4.3.3. an beartas slándála le haghaidh bhainistíocht na slándála faisnéise in C-ITS.'.

## IARSCRÍBHINN II

## PRIONSABAIL MAIDIR LE SONRAÍOCHTAÍ AGUS CUR CHUN ÚSÁIDE ITS

**(dá dtagraítear in Airteagail 5, 6, 7 agus 8)**

Maidir le glacadh na sonraíochtaí, eisiúint na sainorduithe le haghaidh caighdeán, agus roghnú agus imscaradh na bhfeidhmchlár agus na seirbhísí ITS, beidh an méid sin uile bunaithe ar mheastóireacht riachtanas a mbeidh na páirtithe leasmhara ábhartha uile rannpháirteach inti, agus comhlíonfaidh sé na prionsabail seo a leanas. Na bearta sin:

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | beidh siad éifeachtach | – | beidh siad ina rannchuidiú nithiúil le réiteach a fháil ar na príomh-dhúshláin atá roimh an iompar de bhóthar san Eoraip (e.g. brú tráchta a laghdú, astaíochtaí a ísliú, an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, ardleibhéil sábháilteachta agus slándála a bhaint amach agus úsáideoirí soghonta bóithre san áireamh freisin); |
| (b) | beidh siad cost-éifeachtúil | – | bainfidh siad an leas is fearr as an gcoibhéis costas maidir le haschur i ndáil le cuspóirí a bhaint amach; |
| (c) | beidh siad comhréireach | – | déanfaidh siad foráil, i gcás inarb iomchuí, maidir le leibhéil éagsúla ó thaobh na cáilíochta seirbhísí agus an imscartha is féidir a bhaint amach, agus na sainiúlachtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha á gcur san áireamh; |
| (d) | tacóidh siad le leanúnachas na seirbhísí | – | áiritheofar leo seirbhísí mín réidh ar fud an Aontais, go háirithe ar an ngréasán tras-Eorpach, agus i gcás inar féidir, ar a theorainneacha seachtracha, nuair a dhéantar seirbhísí ITS a imscaradh. Ba cheart leanúnachas na seirbhísí a áirithiú ar leibhéal atá in oiriúint do shaintréithe na ngréasán iompair lena nasctar tíortha le tíortha eile, agus, i gcás inarb iomchuí, lena nasctar réigiúin le réigiúin eile agus cathracha le ceantair thuaithe; |
| (e) | cuirfidh siad an idir-inoibritheach t i gcrích | – | áiritheofar leo go bhfuil sé d'acmhainn ag na córais agus ag na próisis ghnó taobh thiar díobh sonraí a mhalartú agus faisnéis agus eolas a roinnt chun gur féidir seirbhís ITS éifeachtach a sholáthar; |
| (f) | riarfaidh siad an chomhoiriúnacht shiarghabhálach | – | áiritheofar leo, i gcás mbeidh údar maith leis, acmhainn na gcóras ITS a bheith ag obair le córais atá ann cheana agus a bhfuil comhchuspóir acu, gan bac a chur ar fhorbairt teicneolaíochtaí nua, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | agus a bheith ag riaradh san am céanna, i gcás inarb ábhartha, an chomhlántacht le teicneolaíochtaí nua nó an t-aistriú chuig na teicneolaíochtaí sin; |
| (g) | urramóidh siad saintréithe an bhonneagair agus an ghréasáin náisiúnta atá ann cheana | – | cuirfidh siad san áireamh na difríochtaí bunúsacha i saintréithe na ngréasán iompair, go háirithe maidir le méid an tráchta agus na dálaí aimsire ar an mbóthar; |
| (h) | cuirfidh siad an comhionannas rochtana chun cinn | – | ní chuirfear bac ar rochtain na n-úsáideoirí soghonta bóithre ar fheidhmchláir agus seirbhísí ITS agus ní dhéanfar idirdhealú in aghaidh na rochtana sin. I gcás inarb ábhartha, beidh siad inrochtana le haghaidh daoine faoi mhíchumas i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2019/882 nuair a bhíonn sé i gceist leis na feidhmchláir agus na seirbhísí ITS comhéadan a dhéanamh nó faisnéis a sholáthar d'úsáideoirí ITS faoi mhíchumas; beidh siad soláimhsithe i leith daoine a bhfuil eolas digiteach teoranta acu; |
| (i) | tacóidh siad leis an aibíocht | – | léireofar leo, tar éis an measúnú riosca iomchuí a dhéanamh, stóinseacht na gcóras nuálach ITS, trí leibhéal leormhaith forbartha teicniúla agus saothraithe oibríochtúil; |
| (j) | cuirfidh siad cáilíocht uainiúcháin agus suiteála i gcrích | – | áiritheoidh siad comhoiriúnacht na bhfeidhmchlár agus na seirbhísí ITS, a mbíonn uainiúchán nó suiteáil ag teastáil uathu, ar a laghad leis na seirbhísí loingseoireachta a chuirtear ar fáil ag córais Galileo, lena n-áireofar Fíordheimhniú Teachtaireachta Loingseoireachta sa tSeirbhís Oscailte agus seirbhísí eile Galileo amhail an tSeirbhís Ardchruinnis, nuair a bheidh an tseirbhís sin ar fáil, agus Bhreis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí ('EGNOS').<br><br>I gcás inarb iomchuí, áiritheoidh siad go mbainfidh feidhmchláir agus seirbhísí ITS a bhraitheann ar shonraí fhaire na cruinne úsáid as sonraí, faisnéis nó seirbhísí Copernicus. Féadfar sonraí agus seirbhísí eile a úsáid sa bhreis ar shonraí Copernicus; |

| | | | |
|---|---|---|---|
| (k) | éascóidh siad an idir-mhódúlacht | – | cuirfear comhordú na modhanna éagsúla iompair san áireamh, i gcás inarb iomchuí, nuair a imscartar ITS; |
| (l) | urramóidh siad an comhleanúnachas | – | cuirfidh siad san áireamh na rialacha, beartais agus gníomhaíochtaí atá ag an Aontas cheana agus a bhaineann le réimse ITS,<br>go háirithe i réimse an chaighdeánaithe agus, maidir le sonraíochtaí, prionsabal na neodrachta teicneolaíche mar a leagtar síos i dTreoir 2018/1972 é; |
| (m) | cuirfidh siad an trédhearcacht agus an iontaoibh i gcrích | – | trédhearcacht a léiriú trí thrédhearcacht an rangaithe a áirithiú nuair a mholtar roghanna soghluaisteachta do na custaiméirí. |

’.

# IARSCRÍBHINN III

Liosta na gcineál sonraí

| |
|---|
| 1. Sonraí a bhaineann le soláthar faisnéise faoi thrácht ar bhóithre agus seirbhísí loingseoireachta ar fud an Aontais (dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Réimse Tosaíochta I, míreanna 1.2, 1.3): |
| 1.1. Rialacháin tráchta stataí agus dinimiciúla, i gcás inarb infheidhme, i ndáil leis na cineálacha sonraí a leanas:<br>An cineál sonraí:<br>- coinníollacha rochtana le haghaidh tollán<br>- coinníollacha rochtana le haghaidh droichead<br>- teorainneacha luais<br>- rialacháin maidir le seachadadh lastais<br>- toirmisc ar scoitheadh le haghaidh feithiclí earraí troma<br>- treo an taistil ar lánaí iniompaithe<br>- srianta meáchain/fad/leithid/airde[55]<br>- sráideanna aontreo[56] |
| - pleananna cúrsaíochta tráchta |
| - srianta buana ar rochtain<br>- teorainneacha srianta, toirmeasc nó oibleagáidí le bailíocht chriosach, stádas rochtana reatha agus coinníollacha le haghaidh cúrsaíochta i gcriosanna tráchta rialáilte[57] |

[55] Nóta: Ábhar breise a eascraíonn as Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 ón gCoimisiún (seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama ar fud an Aontais).
[56] Féach an fonóta roimhe seo.
[57] Féach an fonóta roimhe seo.

| |
|---|
| 1.2. Sonraí maidir le staid an líonra |
| An cineál sonraí:<br><br>- dúnadh bóithre<br><br>- dúnadh lánaí<br><br>- oibreacha bóthair<br><br>- bearta bainistíochta tráchta sealadacha |
| 2. Sonraí a bhaineann le seirbhísí faisnéise agus áirithinte le haghaidh áiteanna páirceála sábháilte agus slána do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála (dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Réimse Tosaíochta III, mír 3.2): |
| An cineál sonraí:<br><br>- sonraí statacha maidir leis na limistéir pháirceála<br><br>- faisnéis maidir le sábháilteacht agus trealamh an limistéir páirceála<br><br>- sonraí dinimiciúla maidir le hinfhaighteacht áiteanna páirceála, lena n-áirítear sonraí faoi ionad páirceála a bheith lán, dúnta, nó faoi líon na n-áiteanna saora atá ar fáil. |
| 3. Sonraí maidir le teagmhais nó dálaí a braitheadh a bhaineann le faisnéis íosta uilíoch tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (dá dtagraítear in Iarscríbhinn I,<br>Réimse Tosaíochta III, mír 3.3): |
| An cineál sonraí:<br><br>- bóthar atá sleamhain go sealadach<br><br>- ainmhithe, daoine, constaicí, nó smionagar ar an mbóthar<br><br>- limistéar timpiste gan chosaint<br><br>- oibreacha bóthair gearrthéarmacha<br><br>- léargas íseal<br><br>- tiománaí ar threo contráilte<br><br>- bóthar blocáilte gan bhainistíocht<br><br>- dálaí aimsire eisceachtúla |

| 4. Sonraí maidir le trácht statach ilmhódach le haghaidh seirbhísí faisnéise taistil ilmhódaigh ar fud an Aontais (dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Réimse Tosaíochta I, mír 1.1 agus mír 1.3): |
| --- |
| An cineál sonraí:<br>Suíomh na nód rochtana sainaitheanta le haghaidh gach modha sceidealaithe, lena n-áirítear faisnéis faoi inrochtaineacht na nód rochtana agus na gconairí laistigh de phointe aistrithe (amhail ardaitheoirí nó staighrí beo a bheith ann) |

’.

## IARSCRÍBHINN IV

Liosta na seirbhísí ITS

| |
|---|
| Seirbhís faisnéise íosta uilíche tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (SRTI) dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, réimse tosaíochta III, mír 3.3 |

’.